

# Anailís Dhiacronach Chorpasbhunaithe ar Cheantair Theangeolaíoch na hÉireann

[A Diachronic Corpus-based Analysis of Ireland's Linguistic Regions]

Katie Ní Loingsigh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh; Mícheál J. Ó Meachair, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Gearóid Ó Cleircín, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Brian Ó Raghallaigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Úna Bhreathnach, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

## Coimriú

Sa pháipéar seo, baintear leas as modheolaíochtaí corpasbhunaithe chun anailís dhiacronach a dhéanamh ar dhá théarma Gaeilge a thagraíonn do shaincheantair tíreolaíoch in Éirinn, is é sin ‘Gaeltacht’ agus ‘Galltacht’, ag tús an 20ú haois agus arís ag tús an 21ú haois. Chuige sin, cruthaíodh dhá shainchorpas tréimhseachán agus baineadh leas as modheolaíochtaí corpais chun anailís a dhéanamh ar úsáid an dá théarma. Cíortar na bríonna éagsúla a bhaineann leis an dá théarma agus rianaítear na hathruithe suntasacha a tharla ar bhrí na dtéarmaí le linn an 20ú haois. Déantar grinnanailís ar chomhthéacs úsáide na dtéarmaí trí thorthaí na gcuardach corpais a iniúchadh. Cuireann an taighde seo leis an taighde atá curtha i gcrích go nuige seo ar fhorbairt agus ar chonstruáil an dá choincheap, ‘Gaeltacht’ agus ‘Galltacht’, trí mhodheolaíochtaí úra corpais a úsáid.

*Eochairfhocail:* an teangeolaíocht chorpais, an tsochtheangeolaíocht, Gaeilge, an Ghaeltacht, an téarmaméadracht

## Abstract

*In this paper, we use corpus-based methods to undertake diachronic analysis of two Irish-language terms, ‘Gaeltacht’ and ‘Galltacht’, which refer to specific linguistic regions in Ireland, at the beginning of the 20<sup>th</sup> century and again at the beginning of the 21<sup>st</sup> century. Two specific-purpose corpora of periodicals from these periods were created for the purposes of this research. The various meanings associated with both terms are examined and the major changes in meaning during the intervening period are mapped and discussed. An in-depth analysis of the corpus search results and contextual usages is carried out. This research builds on prior research undertaken in other fields on the development and construction of these two concepts, ‘Gaeltacht’ and ‘Galltacht’ through the application of new corpus-based methodologies.*

**Keywords:** *corpus linguistics, sociolinguistics, Irish language, Gaeltacht, terminometry*

## Réamhrá

Déantar cur síos sa pháipéar seo ar mhodheolaíochtaí a forbraíodh chun anailís chorpasbhunaithe a dhéanamh ar na bríonna éagsúla a bhaineann le dhá théarma Gaeilge, is é sin, ‘Gaeltacht’ agus ‘Galltacht’, ag tús an fichiú haois agus i dtús na haoise seo. Tagraíonn an téarma ‘Gaeltacht’ sa lá atá inniu ann do cheantair faoi leith ina bhfuil, nó ina mbíodh go dtí le gairid, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag an gcuid is mó den phobal. Rinneadh sainmhíniú ar an nGaeltacht ar shlite éagsúla sa reachtaíocht le linn an fichiú haois agus glactar leis an gcur síos a rinneadh ar chríocha na Gaeltachta in Ordú na Limistéirí Gaeltachta 1956, den chuid is mó, sa lá atá inniu ann go fóill (Walsh 2019, lch. 191). I láthair na huairé cuimsíonn an Ghaeltacht codanna de na contaetha seo a leanas: Gaillimh, Maigh Eo, Dún na nGall, Corcaigh, Ciarraí, Port Láirge agus an Mhí (Údarás na Gaeltachta 2020). Tagraíonn an téarma ‘Galltacht’ do na ceantair ina bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga labhartha ag an gcuid is mó den phobal. Níl na ceantair Ghalltachta sainithe ag orduithe rialtais. Déanann Ó Dónaill (1977) cur síos ar an dá théarma ina fhoclóir *Foclóir Gaeilge-Béarla* mar seo a leanas:

**Gaeltacht**, *f.* (*gs.* ~**a**, *pl.* ~**aí**). **1.** *Lit:* Irishry; Irish(-speaking) people. **2.** Irish-speaking area. **3.** Gaelic-speaking area of Scotland. (Ó Dónaill: 1977, s.v. ‘Gaeltacht’)

**Galltacht**, *f.* (*gs.* ~**a**, *pl.* ~**aí**). **1.** *Hist:* (a) English settlers in Ireland, Englishry. (b) English-occupied district, the Pale. **2.** English-speaking district. **3.** = GALLDACHAS. (Ó Dónaill: 1977, s.v. ‘Galltacht’)

Tá na bríonna a luaitear leis an dá théarma in *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dinneen: 1927) cosúil go leor lena bhfuil ag Ó Dónaill ach go bhfuil roinnt bríonna sa bhreis i gceist:

**Gaedhealtacht**, *-a, f.*, the state of being Irish or Scotch; Gaeldom, Irishry, the native race of Ireland; Irish-speaking district or districts; the Gaeltacht; bean de’n G., a woman of the Irishry (*Art MacC.*); G. Alban, the Highlands of Scotland. (Dinneen: 1927, s.v. ‘Gaedhealtacht’)

**Galldacht**, -a, *f.*, foreign manner or tendency; using foreign airs; state of being fashionable; má's giobacht g. táim i gcló na huaisle, if it be fashionable to be in rags then I am of the nobility (*Arm.*); English association; the Englishry or foreign race of Ireland; is é dásacht na Galltacht' do scar mise dhíobh, the tyranny of the English parted me from them (*P. O'Dornin*); G. na hAlban, the Lowlands of Scotland (*F.F.*); an English-speaking district (*rec.*); Galltacht (*Arm. etc.*). (Dinneen: 1927, s.v. 'Galldacht)

Cé go sainítear dhá cheantar theangeolaíochta sna hiontrálacha foclóra thuas, áirítear an pobal teanga agus noirm shóisialta sa chur síos foclóireachta freisin. Maidir leis an téarma 'Gaeltacht' luaitear (i) pobal nó cine de bhunadh na hÉireann, (ii) nósmaireacht nó féiniúlacht Ghaelach agus (iii) ceantar teangeolaíoch in Albain. I gcás an téarma 'Galltacht' cuimsítear (i) pobal nó cine de bhunadh na Breataine, (ii) an limistéar a bhí faoi smacht ag pobal nó cine (i), (iii) nósmaireacht nó féiniúlacht eachtrannach (galldachas) agus (iv) ceantar teangeolaíoch in Albain.

Cé go bhfuil taighde cuimsitheach curtha i gcrích ar fhorbairt na gceantar ina maireann "bunphobal na Gaeilge" (Ó Coimín 2000) faoi scáth réimse na sochtheangeolaíochta, e.g. Walsh (2022), Ó hIfearnáin (2019), Ó Giollagáin agus Charlton (2015), FitzGerald (2003), Walsh (2002), Ó Tuathaigh, Ua Súilleabháin agus Ó Laoire (2000), etc., cuirtear leis an taighde sin sa pháipéar seo trí mhodheolaíochtaí nua corpasbhunaithe a úsáid mar aon le hanailís a dhéanamh ar acmhainní breise nach raibh ar fáil roimhe seo. Tugtar léargas úr ar fhorbairt dhá théarma a bhfuil tábhacht chultúrtha, stairiúil agus pholaitiúil ag gabháil leo.

Cruthaíodh dhá chorpas tréimhseachán chun críche an taighde seo: (i) corpas tréimhseachán (1882-1926) a tiomsaíodh mar chuid de thionscnamh *Foclóir Stairiúil na Gaeilge*<sup>1</sup> in Acadamh Ríoga na hÉireann agus (ii) corpas tréimhseachán (2000-2020) a tiomsaíodh mar chuid de thionscnamh *Corpas na Gaeilge Comhaimseartha*<sup>2</sup> in Fiontar &

---

<sup>1</sup> URL: <https://www.ria.ie/eolas-ginearalta-focloir-stairiuil-na-gaeilge>

<sup>2</sup> URL: <https://www.gaois.ie/ga/corpora/monolingual/>

Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tarraingíonn O'Halloran (2010, lch. 563) aird ar an líon mór téacsanna atá ar fáil anois i bhformáid dhigiteach d'anailísithe ar an dioscúrsa criticiúil agus a bhaineann go sonrach le réimse na meán cumarsáide. Is amhlaidh is fusa anois é corpais a chruthú as na téacsanna úd chun léargas a fháil ar an gcaoi a phléitear saincheistanna áirithe thar thréimhsí éagsúla agus chun iniúchadh a dhéanamh ar nithe a thagann chun cinn sa dioscúrsa poiblí a bhfuil bríonna idé-eolaíocha agus cultúrtha ag gabháil leo.

Ar dtús, tabharfar forléargas ar chúlra, ar fhorbairt agus ar thábhacht an dá théarma mar eochairfhocail chultúrtha i nGaeilge. Ina dhiaidh sin, bainfear leas as cur chuige corpasbhunaithe chun anailís a dhéanamh ar a n-úsáid comhthéacsúil ag dhá thréimhse faoi leith. Déanfar mapáil ar na héagsúlachtaí agus ar an leanúnachas úsáide trí anailís shéimeantach, anailís minicíochta agus anailís comhlogaíochta a dhéanamh. Leagfar síos modheolaíocht chorpais a d'fhéadfadh a bheith ina bonn d'anailís chorpasbhunaithe do thaighdeoirí eile amach anseo.

### **1. Cúlra agus Comhthéacs**

Dar le Ó Torna (2005, lch. 43), tá fianaise ann go raibh an téarma 'Galltacht' in úsáid chun cur síos a dhéanamh ar cheantair ina raibh an Béarla á labhairt chomh fada siar leis an seachtú haois déag. I gcodarsnacht leis sin, ní go dtí aimsir athbheochan na Gaeilge, i dtús an fichiú haois, a rinneadh an dlúthnasc idir an téarma 'Gaeltacht' agus an ceantar tíreolaíoch ina raibh an Ghaeilge á labhairt ag formhór an phobail. Bhain siombalachas faoi leith leis an téarma 'Gaeltacht' a bhí frémhaithe in idé-eolaíocht na hathbheochana.

In particular, Irish revivalism has encouraged a view of the *Gaeltacht* as being both the physical site of authentic historical continuity and also the object of an unattained revivalist desire or utopian longing (de Brún 2019, lch. 13)

Áitíonn Nic Eoin (1992, lch. 14) gur chuid thábhachtach de ghluaiseacht liteartha an náisiúnachais chultúrtha le linn thréimhse na hathbheochana “an tóir ar shaothair liteartha a chuirfeadh pictiúr ar fáil de shaol ‘traidisiúnta’ pobail, saol réamhchaipitlíoch tuaithe nach raibh truailithe go fóill ag luachanna tráchtála ná ag nósanna nua-aimseartha”. Rinneadh idéalú ar an gceantar tíreolaíoch, is é sin, an Ghaeltacht, nuair a cuireadh bonn faoi nualitríocht na Gaeilge i dtús an fichiú haois. Ina ainneoin sin, maíonn Ó Torna (2005, lch. 154) nárbh ionann in aon chor an Ghaeltacht iarbhír agus Gaeltacht na litríochta. Cruthaíodh nasc idir an ceantar tíreolaíoch agus an fhéiniúlacht Ghaelach tríd an idéalú a rinneadh ar an nGaeltacht agus feictear fianaise den nasc sin i dtorthaí an chuardaigh corpais i Mír 3 den pháipéar seo.

Tarraingíonn Watson (2008, lch. 66) aird ar an scóip fhairsing a bhí ag athbheochan na Gaeilge sa chaoi a raibh sé mar aidhm ag athbheochanóirí úsáid na Gaeilge a leathnú mórthimpeall na tíre agus, ina theannta sin, gur chuid lárnach den athbheochan é féiniúlacht Ghaelach a chruthú. Bhí tábhacht faoi leith ag baint leis an gceantar tíreolaíoch sa ghluaiseacht dá réir. Dar le Ó hIfearnáin (2009, lch. 543), ba í ceist na Gaeltachta bunchloch idé-eolaíoch aon bheartais ghinearálta teanga ó bhunú Shaorstát Éireann sa bhliain 1922 agus ní féidir ceist na Gaeltachta a dhealú ó cheist na teanga dá bhrí sin.

Is é bunbhrí an fhocail, *Gaeltacht*, ná *Gaelachas*, ach i 1925 tugadh sainbhrí ar leith dó. Is é sin: is Gaeltacht í comhluadar sochaíoch daoine agus an Ghaeilge á labhairt ina gnáththeanga ag 80% acu. (Ó Cléirigh 2009, lch. 69)


Ní dhearnadh sainiú oifigiúil ar na ceantair Ghaeltachta in Éirinn go dtí na 1920idí. Ba é Coimisiún na Gaeltachta, a bunaíodh sa bhliain 1925, an chéad iarracht fhónta oifigiúil a rinneadh ar scóip thíreolaíoch na gceantar Gaeltachta agus ar líon na gcainteoirí Gaeilge in Éirinn a thomhas. Dar le Ó Giollagáin et al. (2007, lch. 8), ba léir go raibh dhá phríomhaidhm leis an gcéad chur síos oifigiúil a rinneadh ar na ceantair Ghaeltachta nuair a foilsíodh tuairisc

an Choimisiúin sa bhliain 1926, is é sin, (i) sainiú oifigiúil a dhéanamh ar na ceantair ina raibh an Ghaeilge á labhairt go fóill; agus (ii) idirdhealú a dhéanamh idir na ceantair a raibh athrú iomlán nó athrú páirteach teanga tar éis tarlú iontu.

Tá mionanailís déanta ag Ní Bhrádaigh et al. (2007) ar an athrú tíreolaíoch a tháinig ar na ceantair Ghaeltachta ó aimsir na hathbheochana i leith agus léirítear an t-athrú sin i bhFíor 1 agus i bhFíor 2 thíos. Feictear go bhfuil an cúngú a tharla ar bhrí an téarma ‘Ghaeltacht’ i gcaitheamh an fichiú haois ag teacht le cúlú theorainneacha na gceantar Ghaeltachta le linn na tréimhse céanna. Is é an bhrí thíreolaíoch an bhrí is coitianta a luaitear leis an téarma sa lá atá inniu ann agus léirítear é sin go soiléir i dtorthaí an chuardaigh corpais sa pháipéar seo.

## Fíor 1


### *An Ghaeltacht sna 1920id<sup>3</sup> (Ní Bhrádaigh et al (2007, lgh. 101-5)*



<sup>3</sup> Rinneadh idirdhealú idir ‘Fíor-Ghaeltacht’, ceantar ina raibh cumas na Gaeilge ag ar a laghad 80 faoin gcéad den daonra agus ‘Breac-Ghaeltacht’, ceantar ina raibh cumas na Gaeilge ag níos lú ná 80 faoin gcéad den daonra sa staidéar seo.

## Fíor 2

*An Ghaeltacht chomhaimseartha (Ní Bhrádaigh et al (2007, lgh. 101-5)*



## 2. Modheolaíocht

Leagtar amach sa mhír seo na céimeanna a bhain le hanailís dhiaicronach a dhéanamh ar úsáid an dá théarma ‘Gaeltacht’ agus ‘Galltacht’ sna meáin (tréimhseacháin, irisí, agus nuachtáin) i dtús an fichiú haois agus i dtús na haoise seo. Mar a luadh thuas, cruthaíodh dhá shainchorpas chun críche na hanailíse agus tá cur síos ar inneachar an dá chorpas ar fáil in Aguisín 1.

Cruthaíodh Corpas 1 as *Corpas Stairiúil na Gaeilge* (corpas atá á thiomsú don tréimhse 1600-2000) a forbraíodh in Acadamh Ríoga na hÉireann. Cé go ndearna Acadamh Ríoga na hÉireanna clibeáil ranna cainte<sup>4</sup> agus leamaí ar leagan caighdeánaithe de *Chorpas Stairiúil na Gaeilge*, ní raibh leagan clibeáilte de na sonraí corpais amha ar fáil don taighde seo. Tá Corpas 2, *Corpas na Gaeilge Comhaimseartha* (corpas a chuimsíonn ábhar scríofa na

<sup>4</sup> Clibeáil (clib) ranna chainte (*part-of-speech tagging*) = clibeáil ghramadaí (*grammatical tagging*). Uasmharcáil ar fhocal i dtéacs (e.g. corpas) le faisnéis maidir le catagóir gramadaí an fhocail.

tréimhse 2000+), á thiomsú ag grúpa taighde Gaois in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Tábla 1**

*Corpas 1 agus Corpas 2*

	<b>Corpas 1</b>	<b>Corpas 2</b>
<b>Mórchorpas</b>	<i>Corpas Stairiúil na Gaeilge,</i> Acadamh Ríoga na hÉireann	<i>Corpas na Gaeilge</i> <i>Comhaimseartha, Gaois.ie,</i> Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
<b>Tréimhse</b>	1882-1926	2000-2020
<b>Sainchorpas</b>	4,421,583 focal	21,767,042 focal
<b>Nótaí breise</b>	Teanga réamhchaighdeánach; Mórdhifríochnaí canúna	Teanga chaighdeánach; Difríochnaí áirithe canúna

Úsáideadh leagan gnáth-théacs de na téacsanna a bhí de dhíth don anailís as Corpas 2 toisc nár baineadh leas as cuardaigh chlib-bhunaithe ar Chorpas 1. Chinntigh sé seo go mbeadh an mhodheolaíocht chéanna á cur i bhfeidhm ar an dá chorpas.

Ar dtús, rinneadh cuardach trialach de láimh sa dá chorpas chun foirmeacha malartacha uile an dá théarma ‘Gaeltacht’ agus ‘Galltacht’ a aimsiú. Rinneadh é seo i ngeall ar theanga réamhchaighdeánach na dtéacsanna a áiríodh i gCorpas 1. Cinntíodh gur cuireadh gach foirm mhalartach den dá théarma san áireamh sa chuardach a rinneadh ar an dá chorpas.



## Tábla 2

### *Sloinn Rialta na dTéarmaí Cuardaigh*

<b>Téarma</b>	<b>Slonn Rialta<sup>5</sup></b>
Gaeltacht	(Ghall nGall Gall ghall ngall gall)(t d)(achtaí achta acht)
Galltacht	(nG Gh G ng gh g)(ael aedheal)(tachtaí tachta tacht)

Rinneadh an cuardach le comhchordachtaí a ghiniúint as Corpas 1 agus Corpas 2 trí shloinn rialta (Tábla 2) a cheapadh a bheadh inúsáidte i ngach comhthéacs. Rinneadh an cuardach leis na sloinn rialta in AntConc (Anthony 2020) sa chaoi go bhféadfadh gach taighdeoir torthaí an chuardaigh sin a léamh agus a cheadú. Cóipeáladh torthaí na gcuardach go TXT agus scríobhadh ríomhchlár Python leis na torthaí cuardaigh seo a leagan amach mar chomhchordachtaí i scarbhileog, agus iad le hais na meiteashonraí cuí a chuideodh leis an anailís. Rinneadh taifeadadh ar na meiteashonraí a liostaítear i dTábla 3 i gcás gach comhchordachta. Ós rud é gur cuireadh gach tréimhseachán a bhí ar fáil dúinn leis an dá chorpas aithníodh nach mbeadh torthaí an taighde ionadaíoch ar úsáid na dtéarmaí sna tréimhsí mura ndéanfaí sampláil chothromaithe ar na comhchordachtaí. Tá cur síos ar an tsampláil seo faoi roinn na dTorthaí thíos.

---

<sup>5</sup> Is ionann slonn rialta agus sraith carachtar a shainíonn patrún cuardaigh sa téacs.

### Tábla 3

#### *Meiteashonraí na gcomhchordachtaí a asbaineadh as Corpas 1 agus Corpas 2*

Uimhir ID
An chomhchordacht
[Lom le haghaidh Nóta Eagarthóireachta]
Ainm an Chomhaid
Ainm an Bhailiúcháin
Líon na dTorthaí in aghaidh an Bhailiúcháin

Bhain dúshlán faoi leith leis an gcuardach seo toisc gur gineadh i bhfad níos mó comhchordachtaí don chuardach a rinneadh ar an téarma ‘Gaeltacht’ i gCorpas 2, go háirithe, agus toisc gur gineadh níos mó sonraí ná mar a d’fhéadfaí a sheiceáil de láimh. Rinneadh asbhaint ar 766 comhchordacht as Corpas 1 (715 don leama ‘Gaeltacht’ agus 51 don leama ‘Galltacht’) agus 43,173 comhchordacht as Corpas 2 (42,862 don leama ‘Gaeltacht’ agus 311 don leama ‘Galltacht’).

Ní fhéadfaí na samplaí de ‘Gaeltacht’ a roghnú as Corpas 2 ná Corpas 1 ar bhealach iomlán randamach agus toradh taighde a thuairisciú a bhí ionadaíoch ar úsáid an téarma le linn na dtréimhsí. Mar a deir Biber (1993, lch. 243, “representativeness refers to the extent to which a sample includes the full range of variability in a population”. Chuathas i ngleic leis an dúshlán áirithe seo trí shampláil ionadaíoch a dhéanamh ar thorthaí an dá chuardaigh, agus is air sin a rinneadh an anailís. Ríomh na húdair an líon focal a bhain le gach foilsitheoir a bhí sa dhá chorpas. Más rud é gur fhoilsigh foilsitheoir X 33% den líon focal i gCorpas 2, bhain

33% de na comhchordachtaí as Corpas 2 a ndearnadh anailís orthu le foilsitheoir X. Áit ar fhoilsigh foilsitheoir Y 1% den líon focal sna corpais, rud a tharla i gcás na hirise *An Chearnóg* as Corpas 1, cuireadh sampla amháin ón bhfoilseachán sin san áireamh. Is é seo an chaoi ina raibh na comhchordachtaí a ndearnadh anailís orthu ionadaíoch ar na tréimhsí lenar bhaineadar.

Cruthaíodh dhá thacar 300 comhchordacht don leama ‘Gaeltacht’ lena seiceáil de láimh, a raibh a n-inneachar cothromaithe mar a sainíodh thuas. Bhain 150 comhchordacht le Corpas 1 agus 150 comhchordacht as Corpas 2. Ina theannta sin, roghnaíodh 101 comhchordacht ar an mbealach céanna don leama ‘Galltacht’ lena seiceáil de láimh, b’é sin 51 as Corpas 1 (gach sampla) agus 50 as Corpas 2. Roinneadh an dá thacar idir beirt de na húdair agus rinneadh anailís ar na comhchordachtaí chun sainbhírí an téarma cuardaigh a dheimhniú i ngach cás. Rinneadh scagadh ar na bríonna de réir chur síos foclóireachta Uí Dhónaill (1977). Ina dhiaidh sin, rinne an bheirt údar anailís ar thorthaí agus ar nótaí úsáide an duine eile chun cinntiú go raibh an mhodheolaíocht anailíse de réir a chéile. Pléifear na príomhthorthaí sa chéad rannóg eile.

### 3. Torthaí

**Tábla 4**

*Torthaí an chuardaigh i gCorpas 1 agus i gCorpas 2*

<b>Téarma cuardaigh</b>	<b>Corpas</b>	<b>Líon amas</b>
Gaeltacht	Corpas 1	715
Gaeltacht	Corpas 2	42,862
Galltacht	Corpas 1	51
Galltacht	Corpas 2	311

Dar le Ó Torna (2005), ba sa bhliain 1902 a baineadh an chéad-úsáid as an téarma ‘Gaeltacht’ sa chiall cheantrach nó sa chiall thíreolaíoch i dtréimhseachán Gaeilge. Níor aimsíodh aon sampla níos luaithe d’úsáid an téarma sa chiall sin i dtorthaí an chuardaigh corpais.

Istigh i gceart lár na Gaedhealtachta atá an Bóthar Buidhe, agus muna mbeidh siad seiléigeach ar a theacht amach ar an mblaoisc, tá aimsir shona rompa. (*An Claidheamh Soluis*, 26.7.1902, arna lua in Ó Torna 2005, lch. 43)

I gcás an téarma ‘Gaeltacht’, léirítear go soiléir i dtorthaí an chuardaigh corpais gurbh í an bhrí thíreolaíoch a tháinig chun cinn i dtús an 20ú haois a fuair an ceann is fearr ar na bríonna eile a luaitear i mórfhoclóirí Gaeilge-Béarla le himeacht ama. Ina ainneoin sin, aimsíodh samplaí de na bríonna eile i dtorthaí an chuardaigh a rinneadh ar Chorpas 1. Ba mhinic a bhí samplaí comhthéacsúla níos faide de dhíth chun idirdhealú a dhéanamh idir na bríonna éagsúla a bhain leis an téarma ‘Gaeltacht’ i gCorpas 1, idir (i) pobal labhartha na

Gaeilge agus (ii) an ceantar tíreolaíoch go sonrath. Bhain an doiléire seo leis na samplaí is sine i gCorpas 1, den chuid is mó, is é sin, na samplaí a bhain le deireadh an 19ú haois agus le blianta tosaigh an 20ú haois. Is léir go bhfuil an bhrí thíreolaíoch i gceist i samplaí níos déanaí.

**Tábla 5**

*Bríonna éagsúla an téarma ‘Gaeltacht’ i gCorpas 1*

<b>Gaeltacht</b>			
<b>Brí an téarma</b>	<b>Ceatadáin</b>	<b>Samplaí Corpais</b>	<b>Foinse chorpais</b>
(i) Pobal nó cine de bhunadh na hÉireann	9%	<p>Seoladh mé go dtí an áit is gallda &amp; is iargúlta b’fhéidir i nÉirinn, ’sé sin de thaoibh <b>Ghaedhealtachta</b> nó náisiúntachta, .i. go Lios na gCearrbhach i ndeas do Bhéilfeirste.</p> <p>Is binn do thug an t-ughdar fa “na Súpers,” acht is dearbh gur thuilleadar uaidh é agus a thuilleadh. Ní’l i n-a leithéidíbh acht lucht bréagchrábhaidh ’ga mbadh mhaith leo an <b>Ghaedhealtacht</b> do mharbhadh agus an Ghalldacht do chur ’na háit ó cheann go ceann na tíre.</p>	<p>CS1904_10_08_05.txt</p> <p>IG11.txt</p>
(ii) An ceantar tíreolaíoch in Éirinn	89%	<p>Sa tsean shaol ba hana-ghnáthach iad so mar aicidí mar ní chaithí bróga ná stocaí ar an dtuaith — nó sa <b>Ghaedhealtacht</b> ach go háirighthe an uair sin.</p> <p>Dubhairt duine de na teachtairibh go mbadh chóir coisde a chur ar bun le obair d’fhághail do mhuintir na <b>Gaedhealtachta</b> i mB’lá Cliath nó i n-áiteachaibh nach é ar fud na tíre. Shíleas féin gur chiallmhar an chainnt í, acht d’éirigh teachtaire eile agus dubhairt go mbadh chóir muintir na <b>Gaedhealtachta</b> a</p>	<p>Sguab1924_05.txt</p> <p>CS1913_02_22_03.txt</p>

		choinneáil san <b>nGaedhealtacht</b> .	
(iii) An ceantar tíreolaíoch in Albain	2%	<p>Mar sin féin, is mór atáid <b>Gaedhealtacht</b> Alban ag saothrughadh a gcanamhna, dá míniughadh agus dá mion-chuartughadh, agus le haghaidh a gcuid amhrán do thiomargadh, an mhéid is féidir leo d'fhágáil ar marthain aca, agus is maith is fiú dhóibh sin go deimhin.</p> <p>In <b>Gaedhealtacht</b> na h-Albann go deimhin is mathghamhain a bheireas siad do ghnath air an “bear” go d-ti an la ’ndiu.</p>	<p>IG10.txt</p> <p>IG01.txt</p>

Tagraíonn Forde (2021) don dlúthnasc séimeantach idir na tagairtí don phobal Gaelach agus do na ceantair Ghaeltacha ina thaighde corpais ar úsáid na dtéarmaí ‘Gael’, Gaelach’ agus ‘Éireannach’ i gcómhthéacs choincheap na náisiúnachta.

The *pobal Gaelach* and the *Gael* as shown in this corpus have a strong connection to the *Gaeltachtaí*, particularly in Galway, they engage with and criticise *Údarás na Gaeltachta*, *Áras na nGael*, *Gael-Linn* and *Glór na nGael* throughout the corpus, institutions a non-Irish speaker may have very little dealings with. (Forde 2021, lgh. 323-4)

Feictear an dlúthnasc céanna idir an pobal labhartha agus an ceantar tíreolaíoch i dtorthaí an chuardaigh corpais i dTábla 5 thuas i líon na samplaí a thiteann faoi bhrí thíreolaíoch an téarma agus a thagann chun cinn i dtorthaí an chorpais. Cé gur aimsíodh samplaí de bhríonna uile an téarma ‘Gaeltacht’ i gCorpas 1, is mór idir torthaí cuardaigh Chorpas 1 agus Chorpas 2. Níor aimsíodh ach samplaí den bhrí thíreolaíoch *amháin* i dtorthaí an chuardaigh i gCorpas 2. Ní féidir a dhearbhu go cinnte gurb í an bhrí thíreolaíoch an t-aon bhrí amháin a bhaineann leis an téarma ‘Gaeltacht’ sa lá atá inniu ann toisc nach ndearnadh anailís láimhe ar gach uile thoradh comhchordachta a tháinig chun cinn i gCorpas 2. É sin

ráite, is léir go bhfuil an lámh in uachtar ag an mbrí thíreolaíoch san úsáid reatha den téarma má chaitear súil ar thorthaí an chuardaigh ar an téarma ‘Gaeltacht’ in *An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge* (téarma.ie)<sup>6</sup> agus in *An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge* (foclóir.ie).<sup>7</sup> Ní liostaítear ach an bhrí thíreolaíoch sa mhíniú a thugtar ar an téarma ‘Gaeltacht’ sna foinsí sin.

Díol suntais is ea an méadú mór a tháinig ar úsáid an téarma i gcomhthéacsanna oifigiúla i gcaitheamh na mblianta. Feictear nach dtagann úsáid oifigiúil an téarma ‘Gaeltacht’ chun cinn ach in aon fhoirm amháin i dtorthaí an chuardaigh a rinneadh ar Chorpas 1, is é sin, ‘Coimisiún na Gaeltachta’ a bunaíodh sa bhliain 1925. Léirítear neart samplaí éagsúla den úsáid oifigiúil den téarma i dtorthaí an chuardaigh a rinneadh ar Chorpas 2, áfach, e.g.: ‘Raidió na Gaeltachta’, ‘Aire na Gaeltachta’, ‘Roinn na Gaeltachta’, ‘Údarás na Gaeltachta’, ‘Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta’, ‘Comórtas Peile na Gaeltachta’, ‘Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)’, etc.

Cé go raibh dúshlán áirithe i gceist le hidirdhealú a dhéanamh idir na bríonna éagsúla a bhain leis an téarma ‘Gaeltacht’ i gCorpas 1, bhí sé i bhfad Éireann ní ba dheacra idirdhealú a dhéanamh idir na bríonna éagsúla a bhain leis an téarma ‘Galltacht’ i dtorthaí an chuardaigh a rinneadh sa chorpas céanna. Ba mhinic a bhí breis sonraí comhthéacsúla de dhíth chun teacht ar bhunbhrí an téarma cuardaigh. I gcásanna áirithe, níorbh fhéidir a dheimhniú go cinnte cén bhrí a bhí i gceist sa sampla a bhí á scrúdú.

---

<sup>6</sup> URL: <https://www.tearma.ie/q/gaeltacht/>

<sup>7</sup> URL: <https://www.focloir.ie/ga/dictionary/ei/gaeltacht>

Tábla 6

Bríonna éagsúla an téarma ‘Galltacht’ i gCorpas 1

Galltacht			
Brí an téarma	Ceatadáin	Samplaí Corpais	Foinse chorpais
(i) Pobal nó cine de bhunadh na Breataine; an limistéar a bhí faoi smacht ag pobal nó cine (i)	6%	Tá ré na <b>Galdachta</b> ag imtheacht, a Éire! Tá do ré-se istigh arís. Tóg suas do chroidhe!  Is é Ibsen agus a chóimh-sgríobhnóirí ba chionntach le áithbheodhughadh an dráma liteardha i nEuroip. Ina dhiaidh sin tháinig Shaw agus Wilde agus i <b>nGaldacht</b> na hÉireann Yeats agus Singe.	CS1906_03_17_06.txt  CS1913_11_29_03.txt
(ii) An ceantar tíreolaíoch in Éirinn	38%	Ní bréag a rádh go bhfuil seasamh na Gaedhilge sa Ghaedhaltacht ar na mnáibh atá ann. Dá mbeidís sin ar thaobh na Gaedhilge bhí an lá léi. Is oith liom a rádh gur beag duine aca atá mar sin. Is amhlaidh a bhíonn a n-urmhór ag aithris ar mhná na <b>Galltacha</b> , agus mná na <b>Galltacha</b> ag aithris ar mhná Shasana. Is ait an saoghal é.  Ní thuigid muinntir na Gaedhealtachta é acht is mór an t-adhbhair áthais dóibh seo atá ag obair i lár na <b>Galdachta</b> fios d’fhagháil chomh minic & is féidir é, ar chúrsaibh na Gaedhilge ins na ceanntaraibh Gaedhealacha.	CS1914_10_31_01.txt  CS1903_01_03_717.txt
(iii) Nósmhaireacht nó féiniúlacht eachtrannach (galdachas)	56%	Atá an tsean-teanga ag imtheacht uainn. Atá ar ndeagh-bhéasa, ar subháilcí agus ar gcreideamh ag éalódh uainn mar an gcéadna; tá Seoinínteacht agus <b>Galdacht</b> agus díchreideamh ag snáitheadh isteach i n-a n-ionad agus sinne ag breathnughadh uainn, go socair sámh, mar shean-bhó bhéadh ag cognadh a círe!	CS1900_06_16_213.txt



		Tá, an Gaedheal ag neartughadh. Gan smaointe na nGall, do réir mar nochnuighthear iad sna páipéir nuaidheacht Gallda, a léigheamh. Gan an <b>Ghaldacht</b> a shughadh isteach agus bealaigh na nGaedheal a sgaoileadh le fán.	CS1903_09_26_04.txt
--	--	---	---------------------

Is díol spéise é go bhfeictear roinnt mhaith samplaí den phrosóid séimeantaice dhiúltach i dtorthaí an chuardaigh a rinneadh ar an téarma ‘Galltacht’ i gCorpas 1. Dar le Baker et al. (2008, lch. 278), is minic a léirítear seasamh an chainteora tríd an bprosóid séimeantaice, bíodh sé dearfach nó diúltach. Déantar cur síos ar phrosóid séimeantaice an téarma cuardaigh trí anailís a dhéanamh ar chomhthéacsanna úsáide an téarma:

If a word is regularly used in contexts of good news or bad news or judgement, for example, it carries this kind of meaning around with it. (Tognini-Bonelli 2001, lch. 111)

Is léir ó thorthaí na húsáide reatha den dá théarma ‘Gaeltacht’ agus ‘Galltacht’ i gCorpas 2 go ndéantar tagairt den dá théarma i gcomhthéacsanna neodracha agus nach léirítear aon chlaonadh suntasach sa chur síos a dhéantar ar an dá théarma sa lá atá inniu ann.

**Tábla 7***An phrosóid séimeantaice i gCorpas 2*

<b>Téarma</b>	<b>Sampla comhthéacsúil</b>	<b>Foinse chorpais</b>
Gaeltacht	I measc na bpríomh-mholtaí sa pholasaí nua molfar gur cheart cúram na pleanála sa <b>Ghaeltacht</b> a aistriú ó na comhairlí contae go dtí Údarás na Gaeltachta.	tuairisc-mir-2020-10-15-116084.txt
Gaeltacht	Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún le moltaí a dhéanamh chun an Ghaeilge a láidriú mar ghnáthurlabhra phobal na <b>Gaeltachta</b> .	theirishtimes-alt-2002-04-17-100084.txt
Galltacht	Thug an fógra Dála sin an chumhacht don Státseirbhís aonteangach Bhéarla a tháinig i dtreis ó shin seirbhís trí Ghaeilge a cheilt ar phobal na Gaeilge idir Ghaeltacht agus <b>Ghalltacht</b> – agus tá an chumhacht sin daingnithe ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.	antultach-alt-2006-11-100131.txt
Galltacht	Ní duine ceart Gaeltachta mé nó ní duine ceart <b>Galltachta</b> mé mar chaitheas an chéad seacht mbliain de mo shaol i mBaile Átha Cliath, i dTamhlacht.	comhar-alt-2019-07-100991.txt

Léirítear i dtorthaí an chuardaigh corpais gur minic a dhéantar tagairt don téarma ‘Gaeltacht’ i gCorpas 2 in éineacht leis an téarma ‘Galltacht’. Is léiriú é seo ar an gcur síos dénrtha a dhéantar ar an dá théarma agus ar an dá cheantar tíreolaíoch in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ina theannta sin, léirítear an nasc a dhéantar idir an ceantar tíreolaíoch agus ceist na féiniúlachta Gaelaí i dtorthaí an chuardaigh chomh maith.

Is léir ó thorthaí an chuardaigh ina luaitear an tríú brí a bhaineann leis an téarma ‘Galltacht’ i bhfoclóir Uí Dhónaill (1977), a chiallaíonn nósmaireacht ghalldaithe, go raibh samplaí den phrosóid séimeantaice dhiúltach i bhfad níos coitianta sna torthaí sin. Léiríodh go raibh claonadh níos mó ag an téarma ‘Galltacht’ sa bhrí seo a bheith nasctha le coincheapa diútacha ná na bríonna eile a bhain leis an téarma i gCorpas 1.

**Tábla 8**

*An phrosóid séimeantaice i gCorpas 1*

Téarma	Sampla comhthéacsúil	Foinse chorpais
Galltacht (Nósmhaireacht nó féiniúlacht eachtrannach (galldachas))	Ní'l aon leath-uair, ní'l ná ceathramha uaire san lá thiucfas thairis nach dtiucfaidh rud éigin treasna air, nuair bheas na sgoiláiridhe a léigheadh nó déanamh nídh éigin eile nach bhféadfaidh sé, má's mian leis, gráin ar an n <b>Galdacht</b> , agus grádh agus cionn ar Éirinn agus ar gach nídh Gaedhealach chur ins na páisidhe, acht ní déantar sin acht i gcorr-áit.	CS1899_10_21_498.txt
Galltacht (Nósmhaireacht nó féiniúlacht eachtrannach (galldachas))	Dubhairt an Rúnaire go mb'fhéidir gurab iad féin atá deacair ar a shárughadh i ngeill le fonn a bheith orra buille láidir ar aghaidh a thabhairt, acht is dócha nach ar an Rúnaire ná ar na craobhacha a chuir Feis na Mumhan ar bun atá an locht, acht ar na spríosáin a ndeacha an <b>ghaldacht</b> go smior ionnta, & nach féidir an <b>ghaldacht</b> soin a bhaint amach as a genámha anois féin.	CS1902_11_22_612.txt

**4. Conclúid**

Baineadh úsáid as modheolaíochtaí úra corpasbhunaithe sa pháipéar seo chun anailís a dhéanamh ar bhríonna éagsúla a bhaineann le dhá théarma a bhfuil tábhacht chultúrtha, stairiúil agus pholaitiúil ag gabháil leo. Admhaítear go raibh srianta áirithe ag baint leis an taighde agus go bhfuil gá le tuilleadh taighde a dhéanamh ar chorpais eile chun léargas níos iomláine a fháil ar chomhthéacsanna úsáide na dtéarmaí, go háirithe i gcás na húsáide comhthéacsúla sa Ghaeilge labhartha. Ina ainneoin sin, is léir ó thorthaí na gcuardach corpais gur tháinig athrú tobann ar bhrí an dá théarma ó bunaíodh an stát agus gurbh é an bhrí

thíreolaíoch a tháinig chun cinn i luathbhlianta an fichiú haois an phríomhbhrí a luaitear leis an dá théarma sa lá atá inniu ann. D’fhéadfaí a mhaíomh gur cruthúnas é sin ar an tionchar is féidir a bheith ag polasaí rialtais ar an dioscúrsa poiblí a bhaineann le cúrsaí teanga.

Ní mór na cinntí eagarthóireachta a ghlac eagarthóirí na dtréimhseachán éagsúil a chur san áireamh san anailís a dhéantar ar thorthaí an chuardaigh corpais chomh maith. Caithfear na haidhmeanna sonracha a bhí ag eagarthóirí agus ag scríbhneoirí na hathbheochana a áireamh freisin. Dar le Nic Pháidín (1998, lch. 15), chleacht cuid mhór de nuachtáin aimsir na hathbheochana “friotail síolteagascúil bolscaireachta” agus tugtar léargas glé ar mhachnamh intleachtúil na linne i dtorthaí Chorpas 1. Is féidir a mhaíomh gur pléadh mórcheisteanna reatha ar leathanaigh na dtréimhseachán ag an am agus nach ionann an plé a dhéantar ar mhórcheisteanna na linne seo i dtréimhseachán comhaimseartha na Gaeilge. Is iad na meáin dhigiteacha inniu a sholáthraíonn an fóram plé ina gcleachtar an friotal bolscaireachta agus ina mbítear ag cur agus is cúiteamh go neamhshrianta.

D’fhéadfaí cur leis an anailís corpais a rinneadh sa pháipéar seo amach anseo trí anailís chomparáideach a dhéanamh ar chorpas tvúiteanna Gaeilge, ar chorpas tras-scríbhinní cláir raidió agus teilifíse mar aon le corpas den teanga labhartha ach corpais mar sin a bheith ar fáil do thaighdeoirí. Cuirfidh na foinsí breise sin lenár dtuiscint ar phrosóid séimeantaice an dá théarma agus a n-úsáid reatha. Ina theannta sin, d’fhéadfaí leas a bhaint as na modheolaíochta corpais a leagadh síos sa pháipéar seo chun anailís a dhéanamh ar eochairfhocail chultúrtha eile a eascraíonn ón taighde anseo, mar shampla, anailís a dhéanamh ar na téarmaí ‘Gall’ agus ‘Gael’, ar theacht chun cinn agus ar úsáid an téarma ‘Gaeilgeoir’ mar aon le tuilleadh taighde a dhéanamh ar an aistriú brí idir na téarmaí ‘Galltacht’ agus ‘galldachas’.

Is léir ó thorthaí an chuardaigh sa dá chorpas gurb í an bhrí thíreolaíoch an bhrí príomha a bhaineann leis na téarmaí ‘Gaeltacht’ agus ‘Galltacht’ sa lá atá inniu ann. Cé gur

aimsíodh samplaí de bhríonna eile i dtorthaí an chuardaigh a rinneadh ar Chorpas 1, is í an bhrí threolaíoch an bhrí is treise agus is minice a thagann chun cinn san úsáid ó thús an fichiú haois ar aghaidh. Ina theannta sin, feictear an méadú mór in úsáid oifigiúil an téarma ‘Gaeltacht’ i dtorthaí an chuardaigh a rinneadh ar Chorpas 2. Is díol suntais é gur tháinig cúngú suntasach ar líon na mbríonna a bhaineann leis an dá théarma i gcaitheamh an fichiú haois, cúngú teangeolaíoch a tharla i gcomhthráth le forbairt polasaí oifigiúil an rialtais i leith na teanga agus na gceantar Gaeltachta le linn na tréimhse céanna.

### **Nóta Buíochais**

Ba mhian leis na húdair buíochas a ghabháil le foireann Fhoclóir Stairiúil na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann, a chuir téacsanna ar fáil don taighde seo agus leis an mbeirt phiarmheastóirí as na moltaí stuama.

### **Tagairtí**

Anthony, L. (2020). AntConc (Eagrán 3.5.9) [Bogearraí Ríomhaireachta]. Waseda University. <https://www.laurenceanthony.net/software>.

Baker, P., Gabrielatos, C., Khosravini, M., Krzyzanowski, M., McEnery, T. & Wodak, R. (2008). A useful methodological synergy? Combining critical discourse analysis and corpus linguistics to examine discourses of refugees and asylum seekers in the UK press. *Discourse & Society*, 19(3), 273-306.

<https://journals.sagepub.com/doi/10.1177/0957926508088962>

Biber, D. (1993). Representativeness in corpus design. *Literary and Linguistic Computing*, 8(4), 243-257. <https://doi.org/10.1093/lc/8.4.243>

- Dinneen, P.S. (1927). *Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish-English Dictionary, being a thesaurus of the words, phrases and idiom of the modern Irish language.* (2ú hEag.). Irish Texts Society.
- de Brún, F. (2019). *Revivalism and Modern Irish Literature: The anxiety of transmission and the dynamics of renewal.* Cork University Press.
- FitzGerald, G. (2003). Irish-speaking in the pre-famine period: A study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911. *Proceedings of the Royal Irish Academy.* 103C (5), 191-283. <http://www.jstor.org/stable/25506198>
- Forde, S. (2021) *An Náisiún Gaelach: Questions of identity and nationalism in the Irish language.* *Teanga, The Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 28, 306-330. <https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/611>
- Ní Bhrádaigh, E., McCarron, S., Walsh, J. & Duffy, P. (2007). Using GIS to map the evolution of the Gaeltacht. *Irish Geography*, 40(1), 99-108. <http://irishgeography.ie/index.php/irishgeography/article/view/136>
- Nic Eoin, M. (1992). Ó *An tOileánach* go dtí *Kinderszenen*: An toise dírbheathaisnéiseach i bprós-scríbhneoireacht na Gaeilge. *The Irish Review*, 13, 14-21. <https://www.jstor.org/stable/29735674>
- Ní Loingsigh, K., Ó Raghallaigh, B. & Ó Cleircín, G. (2017). The Design and Development of *Corpas na Gaeilge Comhaimseartha* (Corpus of Contemporary Irish). *9th International Corpus Linguistics Conference (CL2017)*. University of Birmingham. 24-28 Iúil 2017, 113-117. <https://www.birmingham.ac.uk/Documents/college-artslaw/corpus/conference-archives/2017/general/paper58.pdf>

Nic Phóidín, C. (1998). Fáinne an Lae: Cúlra na hAthbheochana. *Comhar*, 57(10), 15-21.

<http://www.jstor.org/stable/25573657?origin=JSTOR-pdf>

Ó Cléirigh, G. (2009). An Ghaeilge - agus Eile - Atá Marbh... : Staidéar ar Fhios Fátha agus ar Dhála na Gaeilge. *Irisleabhar Mhá Nuad*, 67-90.

Ó Coimín, P. (2000). An Stát agus an Ghaeltacht. In G. Ó Tuathaigh, L.L. Ó Laoire & S. Ua Súilleabháin (Eag.), *Pobal na Gaeltachta: A scéal agus a dhán* (lgh. 15-33). Cló Iar-Chonnachta.

Ó Dónaill, N. (1977). *Foclóir Gaeilge-Béarla*. An Gúm.

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M. (2015). *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2006–2011: Príomhfhaisnéis na Limistéar Pleanála Teanga*. Údarás na Gaeltachta.

<https://www.rte.ie/documents/news/udaras-na-gaeltachta.pdf>

Ó Giollagáin, C., Mac Donncha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A. & O'Brien, M. (2007). *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch as úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht/Comprehensive linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht*. Stationery Office.

O'Halloran, K. (2010). How to use corpus linguistics in the study of media discourse. In A. O'Keefe & M. McCarthy (Eag.), *The Routledge handbook of corpus linguistics* (563-577). Routledge.

Ó hÍfearnáin, T. (2009). Irish-speaking society and the state. In M. Ball & N. Muller (Eag.), *The Celtic languages* (lgh. 539-586). Routledge.

- Ó Meachair, M. J., Ó Raghallaigh, B., Bhreathnach, Úna, Ó Cleircín, G. & Scannell, K. (2021). Tiomsú corpais don taighde foclóireachta: Corpas Foclóireachta na Gaeilge (CFG2020). *Teanga, The Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 28, 278-305. <https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/726/1643>
- Ó Torna, C. (2005). *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922*. Cois Life.
- Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L.L. & Ua Súilleabháin, S. (Eag.). (2000). *Pobal na Gaeltachta: A scéal agus a dhán*. Cló Iar-Chonnachta.
- Tognini-Bonelli, E. (2001). *Corpus linguistics at work*. Benjamins.
- Údarás na Gaeltachta (2020). *An Ghaeltacht | An Ghaeilge & An Ghaeltacht | Údarás na Gaeltachta* (ar líne). <https://udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/an-ghaeltacht/>
- Walsh, J. (2022). *One hundred years of Irish language policy, 1922-2022*. Peter Lang.
- Walsh, J. (2019). Sainiú na Gaeltachta: Pobail, ceantair agus líonraí. In T. Ó hIfearnáin (Eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Taighde agus gníomh* (lgh. 185-210). Cois Life.
- Walsh, J. (2002). *Dichoimisiúnú teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926*. Cois Life.
- Watson, I. (2008). The Irish Language and identity. In C. Nic Pháidín & S. Ó Cearnaigh (Eag.), *A new view of the Irish Language* (lgh. 66-75). Cois Life.

## **Reachtaíocht**

Ordú na Limistéar Gaeltachta 1956 (Ionstraim Reachtuil 245/1956).



## Aguisín 1

### Inneachar na gCorpas

Ábhar Gaeilge	Corpas 1	Corpas 2
Téimhseacháin:	An Sguab, An tÓglach, An Branar, An Chearnóg (Connacht Telegraph), Éiriú, An T-Európach, Fr. Matthew Record, Gadelica, An Gaodhal, Irisleabhar Muighe Nuadhad, Irish Fun, The Irish Naturalists' Journal, Irish Review, The Irish Rosary, Irish World and American Industrial Liberator, County Louth Archaeological and Historical Society, Lia Fáil, An Lóchrann, The past: the organ of the Uí Ceinnsealaigh Historical Society, An Smaointeoir, The Shan Van Vocht, The Citizen, The Irish Nation, The Irishman, The Irish Review, The Ulster Journal of Archaeology, An t-Ultach, Irisleabhar na Gaedhilge, An Claidheamh Soluis (agus Fáinne an Lae)	An t-Ultach, Comhar, Feasta, The Irish Times, Meon Eile, NÓS, Nuacht Raidió na Gaeltacht, Nuacht RTÉ, Tuairisc.ie
Comhaid aonair eile:	Bealltaine 1916 agus Dánta Eile le Piaras Béaslaí - Léirmheas (1921), Fógra ón Irish Echo (1888), Imeachtaí an Oireachtais (1903), Banba (1904), Guth na nGaedheal (1914), Caid é r'd do bhí ar do dhinéar agad? (1905), Ceallachán Chaisil, Filíocht (1907), The Irish Monthly (1919), Aiste, Ceachtanna Gaeilge, Agallamh (1920), Colaiste Naomh Adhamhnain, Leitirceanainn (1919)	
Tréimhse	1882-1926	2000-2020